AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.10.2026
COM(2026) 950 final

2026/0314 (BUD)

DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH Uimh. 3
a ghabhann le
BUISÉAD GINEARÁLTA 2026

Coigeartuithe ar chaiteachas, nuashonrú ar ioncaim agus nuashonruithe teicniúla eile

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2026, a glacadh an 26 Samhain 2025[3],

– buiséad leasaitheach Uimh. 1/2026, a glacadh an 7 Iúil 2026[4],

– buiséad leasaitheach Uimh. 2/2026, a glacadh an 15 Meán Fómhair 2026[5],

– Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (‘An Rialachán maidir le Coinníollacht’)[6], agus go háirithe Airteagal 7(3) de,

– Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[7], agus go háirithe Airteagal 6 de,

– Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle de bhun Airteagal 7(2) den Rialachán maidir le Coinníollacht an 23 Meán Fómhair 2026[8].

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann le buiséad 2026 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III féin le fáil ar EUR-Lex https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm).

1 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj).

2 IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

3 IO L, 2026/72, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2026/72/oj.

4 IO L, 2026/1855, 3.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget_suppl_amend/2026/1855/oj.

5 COM(2026) 460, 9.6.2026.

6 IO L 433I, 22.12.2020, lgh. 1–10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj.

7 IO L 433I, 22.12.2020, lgh. 11-22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.

8 COM(2026) 516, 23.9.2026

Clár

1. RÉAMHRÁ 3

2. NUASHONRÚ AR MHÍREANNA CAITEACHAIS 4

2.1 RIACHTANAIS MHÉADAITHE I LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ DON CHOMHTHÁTHÚ AGUS DON FHORBAIRT TUAITHE 4
2.2 GEALLTANAIS DON UNGÁIR A CUIREADH AR FIONRAÍ A THABHAIRT ISTEACH ARÍS 5
2.3 NUASHONRÚ AR NA COMHAONTUITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA IASCAIGH INBHUANAITHE AGUS EAGRAÍOCHTAÍ RÉIGIÚNACHA BAINISTITHE IASCAIGH 6
2.4 AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA 6
2.5 SNÁITHE AN BHIASHLABHRA DE CHLÁR AN MHARGAIDH AONAIR A ATREISIÚ 7
2.6 CÚLCHISTE A CHUR AR AIS – CAITEACHAS TACAÍOCHTA LE HAGHAIDH AN CHISTE UM THEARMANN, IMIRCE AGUS LÁNPHÁIRTÍOCHT 8
2.7 COIGEARTUITHE BREISE AR GHNÍOMHAIREACHTAÍ DÍLÁRAITHE 8

3. NUASHONRÚ AR IONCAM 10

3.1 FÍNEÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ PIONÓSACHA 10
3.2 ACMHAINNÍ DÍLSE TRAIDISIÚNTA - BARRACHAS 11
3.3 TIONCHAR AR AN RANNÍOCAÍOCHT ACMHAINNE DÍLSE BUNAITHE AR OIN LE HAGHAIDH 2026 11

4. MAOINIÚ 12

5. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI 13

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. RÉAMHRÁ

Le Dréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 3 don bhliain 2026, nuashonraítear an ghné ioncaim agus an ghné chaiteachais den bhuiséad.

A mhéid a bhaineann le taobh an chaiteachais, áirítear na gnéithe sonracha seo a leanas in DBL 3/2026:

– atreisiú EUR 4,2 billiún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, agus de sin EUR 2 bhilliún le haghaidh Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), EUR 2 bhilliún le haghaidh Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus EUR 0,2 billiún le haghaidh an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT);

– Gealltanais bhuiséadacha a thabhairt isteach athuair sa bhuiséad, ar gealltanais bhuiséadacha iad faoi thrí chlár oibríochtúla de chuid na hUngáire sa Bheartas Comhtháthaithe atá fós ar fionraí faoi bheart arna bhunú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir, faoi réir an Chomhairle do chur deireadh leis an mbeart sin mar a mhol an Coimisiún ina thogra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle de bhun Airteagal 7(2) den Rialachán maidir le Coinníollacht;

– Nuashonrú ar riachtanais na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna), agus é á chur san áireamh nach dtabharfar chun críche in 2026 roinnt comhaontuithe ná na prótacail ghaolmhara, agus nuashonrú ar riachtanais na nEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh toisc go bhfuil ranníocaíocht 2026 an Aontais le buiséid éagsúla na n-eagraíochtaí sin tugtha chun críche;

– Atreisiú ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) chun a áirithiú go n-aisíocfar caiteachas go tráthúil leis na Ballstáit;

– Atreisiú ar na bearta éigeandála faoi shnáithe an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair, chun bearta arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit a chómhaoiniú tar éis ráigeanna de ghalair ainmhithe lena n-áirítear Fliú Éanúil Ardphataigineach agus Fiabhras Afracach na Muc;

– Méid a cuireadh ar ais ón gcúlchiste chuig líne oibríochtúil an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht mar gheall ar an moill ar ghlacadh an Rialacháin maidir le náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh;

– Coigeartú ar ranníocaíocht an Aontais le roinnt gníomhaireachtaí díláraithe atá nasctha le cur chun feidhme nó le cúiseanna sonracha eile, mar seo a leanas:

  – Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a cuireadh ar ais ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán chuig an gclár LIFE. I bhfianaise na moilleanna ar chur chun feidhme an phacáiste ‘Substaint Amháin, Measúnú Amháin’, ní bheidh na leithreasuithe comhfhreagracha ag teastáil ón ngníomhaireacht;

  – Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a cuireadh ar ais chuig an gclár EU4Health ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach , mar gheall ar riachtanais laghdaithe maidir leis an ngníomhaireacht do chur chun feidhme an Ghnímh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla;

  – Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a cuireadh ar ais chuig an gclár Custaim ó Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, mar gheall ar mhoilleanna i ndáil leis an ngníomhaireacht a bhunú;

  – Méadú ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus coigeartú ar a plean bunaíochta tar éis ghlacadh an Rialacháin maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid.

Ar an iomlán, méadú caiteachais EUR 2 180 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus méadú EUR 4 162 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí is ea tionchar glan an DBL seo.

Ó thaobh an ioncaim de, cuimsítear sa DBL seo EUR 4 765 mhilliún d'fhíneálacha cinntitheacha agus d'íocaíochtaí pionósacha a íocadh go dtí an 30 Meán Fómhair 2026 agus EUR 1 100 milliún den bharrachas measta ADT. Is é an tionchar foriomlán ar thaobh an ioncaim ná laghdú EUR 1 703 mhilliún ar ranníocaíochtaí OIN, dá bhrí sin.

2. NUASHONRÚ AR MHÍREANNA CAITEACHAIS

2.1 Riachtanais mhéadaithe i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don chomhtháthú agus don fhorbairt tuaithe

Cleachtadh bliantúil is ea 'an tOllaistriú' a eagraítear laistigh den Choimisiún, lena n-iarrtar ar na hArd-Stiúrthóireachtaí agus ar na Seirbhísí uile athbhreithniú a dhéanamh, faoi thús mhí Mheán Fómhair, ar chur chun feidhme íocaíochtaí an bhuiséid atá ann faoi láthair acu féin, go dtí deireadh na bliana lena mbaineann. Is é is aidhm don chleachtadh seo riachtanais bheachta a chinneadh agus cur chun feidhme uasta an bhuiséid a áirithiú i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ag deireadh na bliana trí riachtanais bhreise a mheaitseáil le tearcúsáid a bhfuil coinne léi. Mar thoradh air sin, cuirtear iarraidh ad hoc ar aistriú i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán Airgeadais faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle gach bliain.

Léirigh an cleachtadh 'Ollaistrithe' nach leor an buiséad a vótáladh atá fágtha agus na hioncaim shannta atá ar fáil chun riachtanais íocaíochta mheasta a chumhdach go dtí deireadh na bliana do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na cláir sin a atreisiú mar seo a leanas:

- **CFRE agus CSE+**

EUR 18 mbilliún a bhí i riaráiste na n-éileamh íocaíochta don chomhtháthú i ndeireadh 2025. Ag fanacht le tuilleadh faisnéise maidir leis na riachtanais deiridh le haghaidh 2026, bhí ar áireamh cheana féin i mBuiséad Leasaitheach 2/2026 atreisiú EUR 5,36 billiún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh an bheartais chomhtháthaithe.

Is léir go bhfuil dlús á chur leis an gcur chun feidhme ar an láthair: tá tionscadail lena gcumhdaítear 74 % d'imchlúdach an bheartais chomhtháthaithe roghnaithe cheana féin ag údaráis na gclár, i gcomparáid le 50 % an tráth céanna anuraidh. Léirítear freisin sna réamhaisnéisí is déanaí ó na Ballstáit ó mhí Iúil 2026 go bhfuil gá le hatreisiú breise. Is é is aidhm don atreisiú EUR 4 bhilliún atá beartaithe don chomhtháthú an riaráiste a bheidh ann i deireadh 2026 a laghdú i gcomparáid leis an leibhéal a bhí ann i ndeireadh 2025, rud a mhaolóidh an brú ar bhuiséad 2027 freisin.

- **CETFT**

Níos luaithe i mbliana, bhí athbhreithniú in airde déanta cheana féin ag na Ballstáit ar a gcuid réamhaisnéisí le haghaidh 2026 le haghaidh Phleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027 faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), ar ina leith a áiríodh i mBuiséad Leasaitheach 2/2026 an chéad mhéadú EUR 2,2 billiún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Deimhnítear an treocht leis na réamhaisnéisí is déanaí ó na Ballstáit maidir le hidirghabhálacha forbartha tuaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT mar a cuireadh isteach i mí Lúnasa 2026: sainaithnítear easnamh EUR 435 mhilliún, dá bhfuil EUR 229 milliún san áireamh san Ollaistriú, agus iarrtar an méid atá fágtha de, is é sin EUR 206 mhilliún, sa dréachtbhuiséad leasaitheach seo.

Leagtar amach thíos an méadú mionsonraithe ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a iarrtar sa DBL seo 3/2026:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
05 02 01	CFRE — Caiteachas oibríochtúil	0	2 000 000 000
07 02 01	Sraith CSE+ faoi bhainistíocht roinnte – Caiteachas oibríochtúil	0	2 000 000 000
08 03 01 01	Cineálacha idirghabhálacha san fhorbairt tuaithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT	0	206 005 299
Iomlán		**0**	**4 206 005 299**

2.2 Gealltanais don Ungáir a cuireadh ar fionraí a thabhairt isteach arís

An 15 Nollaig 2022, tar éis togra ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle cinneadh cur chun feidhme faoin Rialachán maidir le Coinníollacht[9] chun 55 % de na gealltanais bhuiséadacha a leithdháileadh ar an Ungáir a chur ar fionraí, ar gealltanais bhuiséadacha iad a leithdháileadh uirthi faoin gClár Oibríochtúil um an gComhshaol agus um Éifeachtúlacht Fuinnimh Plus, faoin gClár Oibríochtúil Comhtháite um Iompar Plus agus faoin gClár Oibríochtúil um Fhorbairt Chríochach agus Lonnaíochta Plus [10].

I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán maidir le Coinníollacht, an 9 Meán Fómhair 2026 tharchuir an Ungáir fógra i scríbhinn chuig an gCoimisiún inar iarradh go gcuirfí deireadh leis na bearta arna nglacadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022 ón gComhairle. An 23 Meán Fómhair 2026[11], ghlac an Coimisiún a thogra chuig an gComhairle, inar cinneadh gur thug an Ungáir aghaidh go leordhóthanach ar na hábhair imní ba chúis le bearta cosanta a ghlacadh agus, dá bhrí sin, mhol sé deireadh a chur leo.

I gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Rialachán maidir le Coinníollacht, i gcás ina gcuirtear deireadh le bearta a bhaineann le gealltanais a chur ar fionraí, iontrálfar na méideanna a chomhfhreagraíonn do na gealltanais a cuireadh ar fionraí i mbuiséad an Aontais, faoi réir Airteagal 6 de Rialachán CAI. Thairis sin, de réir an airteagail chéanna, ní fhéadfar gealltanais ó bhliain *n* a cuireadh ar fionraí a iontráil sa bhuiséad tar éis bhliain *n*+2. Mar thoradh air sin, cuireadh ar ceal go cinntitheach cheana na gealltanais a cuireadh ar fionraí le haghaidh na mblianta 2022 agus 2023.

Má chinneann an Chomhairle anois – ar bhonn an togra ón gCoimisiún – nach mór deireadh a chur le fionraí na ngealltanas, ní mór na gealltanais a cuireadh ar fionraí faoi chláir an bheartais chomhtháthaithe do na blianta 2024 agus 2025 a athbhunú sa bhuiséad. Díreach tar éis chinneadh na Comhairle, glacfaidh an Coimisiún coigeartú teicniúil ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil chun uasteorainneacha CAI a mhéadú, ionas go bhféadfar na bearta athbhunaithe thuas a dhéanamh.

Ar an mbonn sin, moltar sa Dréachtbhuiséad Leasaitheach seo na méideanna a cuireadh ar fionraí le haghaidh 2024 agus 2025 a athbhunú sa bhuiséad le haghaidh 2026, ar choinníoll go nglacfaidh an Chomhairle a cinneadh deireadh a chur leis an mbeart fionraíochta, agus go ndéanfaidh sí sin laistigh de thréimhse ama a fhágfaidh go mbeidh sé ar chumas Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle fós an buiséad leasaitheach seo a ghlacadh roimh dheireadh na bliana.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas – ag brath ar a bhfuil thuas:

EUR

[9] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1.

[10] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir, IO L 325, 20.12.2022, lch. 94.

[11] COM(2026) 516, 23.9.2026.

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
05 02 01	CFRE — Caiteachas oibríochtúil	1 581 014 834	0
05 03 01	An Ciste Comhtháthaithe (CC) — Caiteachas oibríochtúil	493 160 347	0
07 02 01	Sraith CSE+ faoi bhainistíocht roinnte – Caiteachas oibríochtúil	105 527 341	0
09 03 01	An Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) – Caiteachas oibríochtúil	21 462 250	0
Iomlán		**2 201 164 772**	**0**

2.3 Nuashonrú ar na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh

Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil i dtaca le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) agus rinne sé athbhreithniú ar na riachtanais a bhfuil coinne leo le haghaidh 2026 ar bhonn na bhforbairtí sa chaibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, níl coinne ag an Coimisiún leis go síneofar na prótacail leis an nGabúin, leis an Máratáin ná le Maracó in 2026 mar a bhí beartaithe ar dtús. Mar thoradh air sin, laghdófar na riachtanais in 2026 faoi EUR 107,7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi EUR 82,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

An tráth céanna, sainaithníodh barrachas EUR 0,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus barrachas EUR 0,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ar líne bhuiséid na nEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh. Eascraíonn sé sin as riachtanais níos ísle a bheith ann ná mar a bhí coinne leis ar dtús, tar éis do na hEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh éagsúla buiséid 2026 a ghlacadh.

Leis an nglantoradh sin méadaítear an corrlach gealltanais faoin uasteorainn i gCeannteideal 3 faoi EUR 108,4 milliún. Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
30 02 02	Leithreasuithe difreáilte (*Cúlchiste d'airteagal buiséid 08 05 01*)	-107 682 600	-82 882 600
08 05 02	An fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn do bhainistiú iascaigh agus rialachas muirí i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) (ranníocaíochtaí éigeantacha le comhlachtaí idirnáisiúnta)	-755 016	-169 238
Iomlán		**-108 437 616**	**-83 051 838**

2.4 An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta

Léiríonn réamhaisnéisí na mBallstát go dtí deireadh na bliana do chaiteachas CERT go bhfuil leibhéal an-ard forghníomhaithe ann maidir leis an gcistiú atá ar fáil faoi láthair. Léirítear sna meastacháin athbhreithnithe go mbeidh an caiteachas a bhaineann leis an margadh, go háirithe in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, níos airde ná mar a bhí sa bhuiséad. An tráth céanna, ar bhonn anailís mhionsonraithe ar na méideanna iarmharacha atá dlite in aghaidh an Bhallstáit in éindí leis na féidearthachtaí fritháirimh, meastar go mbaileofar méid foriomlán níos ísle d'ioncaim shannta in 2026. Déantar an t-easnamh a eascraíonn as sin a chúiteamh go páirteach le meastacháin níos ísle ar íocaíochtaí díreacha agus

ceartuithe airgeadais i bhfabhar na mBallstát, tar éis rialuithe fabhracha, ach tá glanbhearna EUR 40 milliún fós ann.

Chun an riosca go mbeadh easnamh leithreasuithe ann a sheachaint agus chun a áirithiú go ndéanfar caiteachas CERT a aisíoc go tráthúil leis na Ballstáit, iarrtar atreisiú EUR 40 milliún ón gcorrlach faoi fho-uasteorainn CERT faoi cheannteideal 3.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
Roinn III – An Coimisiún			
08 02 02 01	Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí	40 000 000	40 000 000
Iomlán		**40 000 000**	**40 000 000**

2.5 Snáithe an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair a atreisiú

Le snáithe an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh aonair, tacaítear le bearta éigeandála na mBallstát le haghaidh ráigeanna galair ainmhithe.

Tá brú leanúnach nach bhfacthas a leithéid riamh ar an Aontas ó ráigeanna móra de ghalair ainmhithe, go háirithe an Fliú Éanúil Ardphataigineach, Fiabhras Afracach na Muc, bolgach caorach agus bolgach gabhar, Galar Crúibe agus Béil agus Galar an Chraicinn Chnapánaigh. Le linn na tréimhse 2021-2026, tháinig méadú faoi shé ar an líon ráigeanna den Fhliú Éanúil Ardphataigineach i gcomparáid le CAI 2014-2020 a bhí ann roimhe sin, agus tá méadú faoi dhó nach mór tagtha ar an líon ráigeanna d'Fhiabhras Afracach na Muc. Tacaíonn an Coimisiún leis na bearta éigeandála fíor-riachtanacha is gá chun na ráigeanna sin a shrianadh agus chun a dtionchar sláintíochta, eacnamaíoch agus trádála a theorannú, trí aisíocaíochtaí *ex post*. Leis na bearta sin cuirtear teorainn leis an riosca go leathfadh na ráigeanna a thuilleadh agus go mbeadh costais níos airde ann ag céim níos déanaí, rud a mbeadh iarmhairtí móra aige ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair, ar thrádáil le tríú tíortha agus fiú ar shláinte an duine.

Ó bhí 2021 ann, slógadh EUR 482 mhilliún cheana féin faoi Chlár an Mhargaidh Aonair chun na críche sin. Mar sin féin, tá an méadú géar ar mhinicíocht, ar scála agus ar chostas ráigeanna i bhfad níos mó ná na hacmhainní atá ar fáil faoi shnáithe an Bhiashlabhra. Mar thoradh air sin, ba ghá rátaí cómhaoinithe a laghdú cheana féin ó 50–75 % san am a caitheadh go 20–30 % le haghaidh ráigeanna ó 2023 ar aghaidh. D'ainneoin na laghduithe sin, meastar gur thart ar EUR 430 milliún atá sna hoibleagáidí atá fós gan íoc maidir le comhaontuithe deontais arna síniú agus comhaontuithe deontais atá le teacht, agus níl ach thart ar EUR 305 mhilliún i leithreasuithe ar fáil ina leith faoi láthair in 2026 agus 2027. Cé gur féidir ráigeanna ón mbliain 2024 a chumhdach leis na hinfhaighteachtaí atá ann cheana féin, tá gá le EUR 125 mhilliún breise i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in 2026 agus 2027 chun aisíocaíochtaí le haghaidh ráigeanna a tharla in 2025 a chumhdach.

Dá bhrí sin, tá géarghá le leithreasuithe breise chun go mbeidh an tAontas in ann tús a chur leis an bpróiseas comhaontaithe deontais maidir le ráigeanna 2025 de ghalair ainmhithe agus chun tacú le hacmhainneacht freagartha éigeandála na mBallstát. Tá sé beartaithe atreisiú EUR 47 milliún a sholáthar sa Dréachtbhuiséad Leasaitheach seo, trí úsáid iomlán a bhaint as an gcorrlach atá fágtha faoi uasteorainn chaiteachais Cheannteideal 1. Tá sé beartaithe an méid atá fágtha, is é sin EUR 78 milliún, a mhaoiniú trí atreisiú i Litir Leasaitheach 1/2027. Táthar le comhaontuithe deontais a shíniú de réir a chéile, agus cuirfear formhór na n-íocaíochtaí le haghaidh cómhaoinithe chun feidhme in 2027, agus sin é an fáth nach n-iarrtar aon leithreasú breise faoi chomhair íocaíochtaí in 2026.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
03 02 06	Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí	47 006 803	0
Iomlán		**47 006 803**	**0**

2.6 Cúlchiste a chur ar ais – Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

I mbuiséad 2026, rinneadh EUR 900 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon a chur i gcúlchiste chun tairbhe don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, chun cistiú a dhéanamh ar earcú cúigear gníomhairí ar conradh a luaithe a ghlacfar an Rialachán maidir le náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh[12]. Mar gheall ar an moill ar ghlacadh an Rialacháin, tá sé beartaithe anois go n-aistreofar na leithreasuithe sin chuig líne oibríochtúil an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, rud a atreiseoidh an tSaoráid Théamach.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
10 02 01	An Ciste um Thearmann agus Imirce (AMF)	900 000	900 000
30 01 01	Cúlchiste riaracháin (*Cúlchiste d'airteagal buiséid 10 01 01*)	-900 000	-900 000
Iomlán		**0**	**0**

2.7 Coigeartuithe breise ar ghníomhaireachtaí díláraithe

2.7.1 Leithreasuithe nár úsáideadh á dtabhairt ar ais ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

Mar gheall ar mhoilleanna agus srianta a dhéanann difear do thráthchlár cur chun feidhme an phacáiste reachtaigh 'Substaint Amháin, Measúnú Amháin'[13] agus na reachtaíochta athbhreithnithe maidir le huisce[14], ní raibh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán in ann na gníomhaíochtaí atá beartaithe aige a dhéanamh in 2026. Dá bhrí sin, ní bheidh cuid de na leithreasuithe a bhí beartaithe ar dtús do 2026, dar luach EUR 4,1 milliún, de dhíth a thuilleadh ar an nGníomhaireacht.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún na leithreasuithe sin atá fós ar fáil ar an líne bhuiséid le haghaidh ranníocaíocht an Aontais leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, dar luach EUR 2,4 milliún, a thabhairt ar ais do chlár LIFE. Tá sé beartaithe an méid eile, is é sin EUR 1,7 milliún – a íocadh leis an nGníomhaireacht cheana féin – a aisghabháil mar ioncam sannta inmheánach. Tá sé beartaithe an méid

[12] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle.

[13] Rialachán (AE) 2025/2457 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú (IO L, 2025/2457, 12.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2457/oj).

[14] Treoir (AE) 2026/805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2026 lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce (IO L, 2026/805, 20.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2026/805/oj).

deireanach sin a thabhairt anonn chuig buiséad na gníomhaireachta le haghaidh 2027, chun na riachtanais mhéadaithe maidir le caiteachas TF a eascraíonn as an sceideal cur chun feidhme athbhreithnithe a chumhdach go páirteach.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
09 10 01	An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán – Treoracha comhshaoil agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta	-2 426 722	-2 426 722
09 02 01	An dúlra agus an bhithéagsúlacht	0	2 426 722
09 02 02	Geilleagar ciorclach agus cáilíocht saoil	2 426 722	0
Iomlán		**0**	**0**

2.7.2 Cúlchiste a thabhairt ar ais – an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach

I mbuiséad 2026, cuireadh i gcúlchiste EUR 651 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon chun é a chur ar a cumas don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach cúraimí a chur chun feidhme faoin nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla[15]. Tar éis an athbhreithnithe ar an togra le haghaidh an Ghnímh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla i mí na Bealtaine 2026, agus mar gheall ar an moill ar ghlacadh an togra, laghdaíodh riachtanais na Gníomhaireachta go EUR 100 000. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe EUR 551 000 a thabhairt ar ais ón gcúlchiste chuig an gclár EU4Health.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
30 02 02	Leithreasuithe difreáilte (*Cúlchiste do mhír bhuiséid 06 10 03 01*)	-551 000	-551 000
06 06 01	Clár EU4Health	551 000	551 000
Iomlán		**0**	**0**

2.7.3 Cúlchiste a thabhairt ar ais – Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh

I mbuiséad 2026, cuireadh i gcúlchiste EUR 928 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon chun Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a thionscnamh. Tar éis moilleanna ar chur ar bun na gníomhaireachta díláraithe, áfach, tá laghdú EUR 98 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus laghdú EUR 581 000 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí tagtha ar na riachtanais le haghaidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe EUR 98 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a thabhairt ar ais ón gcúlchiste chuig an gclár Custaim, agus cuirtear na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ar ais sa bhuiséad.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

[15] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos creat chun infhaighteacht agus slándáil soláthair táirgí íocshláinte criticiúla a neartú mar aon le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht táirgí íocshláinte leasa choitinn, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/795.

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
30 02 02	Leithreasuithe difreáilte (*Cúlchiste d'airteagal buiséid 03 10 06*)	-98 000	-581 000
03 05 01	Comhar i réimse an chustaim (Custaim)	98 000	0
Iomlán		**0**	**-581 000**

2.7.4 Aistriú ó SCE-Iompar chuig Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh

Tá sé beartaithe méadú EUR 400 000 a dhéanamh ar ranníocaíocht an Aontais le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon tar éis ghlacadh an Rialacháin maidir le Toilleadh Bonneagair Iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid[16]. Tá sé beartaithe an méadú sin a mhaoiniú trí ath-leithdháileadh ó imchlúdach buiséadach na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) atá ann cheana — an tsraith Iompair.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
02 03 01	An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) — Iompar	-400 000	-400 000
02 10 03	Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA)	400 000	400 000
Iomlán		**0**	**0**

Chun na cúraimí nua a ghlacadh, tá gá freisin le dhá phost breise don phlean bunaíochta agus beirt ghníomhairí ar conradh in 2026. Leagtar an plean bunaíochta nuashonraithe amach san iarscríbhinn bhuiséadach.

2.7.5 Coigeartuithe ar phlean bunaíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí

Molann an Coimisiún plean bunaíochta nuashonraithe le haghaidh na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí (post AST9 amháin a thiontú in aon phost AD6 amháin, gan tionchar buiséadach). Tagann sé sin sna sála ar iarraidh ón ngníomhaireacht tar éis do chomhghleacaí AST dul ar scor agus tar éis measúnú inmheánach a dhéanamh ar an ualach oibre.

Leagtar an plean bunaíochta nuashonraithe amach san iarscríbhinn bhuiséadach.

3. NUASHONRÚ AR IONCAM

Le DBL 3/2026, moltar EUR 6 065 mhilliún a chuimsiú i mbuiséad 2026 i bhfíneálacha cinntitheacha agus in íocaíochtaí pionósacha a íocfar go dtí mí Dheireadh Fómhair 2026 (i.e. méadú EUR 4 765 mhilliún i gcomparáid le BL 2/2026) agus EUR 1 100 milliún d'Acmhainní Dílse Traidisiúnta breise mar gheall ar fháltais a bhí níos airde ná mar a tuaradh sa bhuiséad.

3.1 Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha

I bhfianaise na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha cinntitheacha a íocadh go dtí mí Dheireadh Fómhair 2026, tá sé beartaithe na méideanna seo a leanas a chur isteach i mbuiséad 2026:

a) EUR 4 125 mhilliún d'fhíneálacha iomaíochta.

[16] IO L, 2026/1184, 10.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1184/oj

b) EUR 234 mhilliún d'íocaíochtaí pionósacha agus de chnapshuimeanna a forchuireadh ar Bhallstáit nár chomhlíon breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa mhéid gur theip orthu oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhlíonadh.
c) EUR 406 milliún d'ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha.
d) EUR 0,3 milliún de thorthaí diúltacha ar fhíneálacha a cuireadh ar ceal nó a laghdaíodh.

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, na méideanna a thuairiscítear in BL 2/2026 de EUR 1 300 milliún a mhéadú faoi EUR 4 765 mhilliún, le go mbeidh iomlán EUR 6 065 mhilliún sna méideanna sin. Taispeántar an mionsonra de réir líne sa tábla thíos.

EUR

Líne ioncaim	Ainm	BL 2/2026	DBL 3/2026	Méid nua
4 2 0	Fíneálacha a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta	955 327 953	4 125 310 876	5 080 638 829
4 2 1	Íocaíochtaí pionósacha agus cnapshuimeanna arna bhforchur ar Bhallstát	268 063 119	234 172 707	502 235 826
4 2 4	Ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha	98 536 784	406 191 443	504 728 227
4 2 5	Ús, agus muirir eile atá dlite agus torthaí diúltacha ar fhíneálacha a cealaíodh nó a laghdaíodh	-22 715 250	-310 876	-23 026 126
4 2 9	Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha neamhshannta eile	865 504	0	865 504
Iomlán		**1 300 078 110**	**4 765 364 150**	**6 065 442 260**

3.2 Acmhainní Dílse Traidisiúnta - Barrachas

Cuimsítear i mBuiséad Leasaitheach 2/2026 na réamhaisnéisí athbhreithnithe le haghaidh 2026 le haghaidh thaobh an ioncaim den bhuiséad, mar a aontaíodh ag an 197ú cruinniú de chuid an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse an 29 Bealtaine 2026. Mar sin féin, ós rud é gur bailíodh níos mó ná a tuaradh de dhleachtanna custaim le linn na tréimhse Eanáir go Meán Fómhair, is iomchuí na meastacháin ar Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) a mhéadú agus a shocrú ag méid iomlán EUR 1 100 milliún.

3.3 Tionchar ar an ranníocaíocht acmhainne dílse bunaithe ar OIN le haghaidh 2026

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na ranníocaíochtaí athbhreithnithe acmhainní dílse bunaithe ar OIN i gcomparáid le BL 2/2026:

Ballstát	DBL 2/2026	DBL 3/2026	Méid nua
	(1)	(2)	(3) = (1) +(2)
an Bheilg	4 693 986 838	-58 833 077	4 635 153 761
an Bhulgáir	813 039 302	-10 190 400	802 848 902
Poblacht na Seice	2 472 230 511	-30 986 225	2 441 244 286
an Danmhairg	3 013 904 972	-37 775 415	2 976 129 557
an Ghearmáin	33 352 554 956	-418 031 304	32 934 523 652
an Eastóin	302 727 362	-3 794 297	298 933 065
Éire	3 194 445 667	-40 038 260	3 154 407 407
an Ghréig	1 790 219 777	-22 438 099	1 767 781 678
an Spáinn	12 378 597 515	-155 149 770	12 223 447 745
an Fhrainc	21 706 071 811	-272 057 643	21 434 014 168
an Chróit	699 088 360	-8 762 171	690 326 189
an Iodáil	16 169 928 367	-202 669 218	15 967 259 149
an Chipir	238 534 370	-2 989 721	235 544 649
an Laitvia	313 780 960	-3 932 840	309 848 120

an Liotuáin	608 755 161	-7 629 962	601 125 199
Lucsamburg	445 514 868	-5 583 955	439 930 913
an Ungáir	1 630 247 097	-20 433 047	1 609 814 050
Málta	161 840 785	-2 028 466	159 812 319
an Ísiltír	8 470 992 289	-106 172 974	8 364 819 315
an Ostair	3 694 461 727	-46 305 318	3 648 156 409
an Pholainn	6 650 508 505	-83 355 555	6 567 152 950
an Phortaingéil	2 210 092 366	-27 700 660	2 182 391 706
an Rómáin	2 736 011 890	-34 292 384	2 701 719 506
an tSlóivéin	515 206 725	-6 457 453	508 749 272
Poblacht na Slóvaice	977 028 233	-12 245 790	964 782 443
an Fhionlainn	2 031 076 883	-25 456 932	2 005 619 951
an tSualainn	4 602 048 814	-57 680 753	4 544 368 061
Iomlán	**135 872 896 111**	**-1 702 991 689**	**134 169 904 422**

4. MAOINIÚ

Ar an iomlán, méadú EUR 2 179,7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 4 162,4 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí is ea tionchar glan an Dréachtbhuiséid Leasaithigh seo ar chaiteachas. Tá sé beartaithe an ghné ioncaim den bhuiséad a choigeartú mar a leagtar amach in DBL 3/2026.

Meastar gurb é EUR 2 286,0 milliún atá i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2026 a bhaineann le slógadh na hIonstraime Solúbthachta sna blianta 2023 go 2026. Tá sceideal íocaíochta measta na méideanna gaolmhara gan íoc do na blianta sin sonraithe sa tábla seo a leanas:

An Ionstraim Sholúbthachta - próifíl íocaíochta (i milliúin EUR)				
Bliain slógtha	**2026**	**2027**	**I ndiaidh CAI 2021-2027**	**Iomlán**
2023	83,2	0,0	0,0	**83,2**
2024	83,7	46,3	0,0	**129,9**
2025	15,8	9,4	5,7	**30,9**
2026	2 038,7	1,7	1,6	**2 041,9**
Iomlán	**2 221,4**	**57**,3	**7,2**	**2 286,0**

5. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI

In EUR

		Buiséad 2026 (lena n-áirítear buiséid leasaitheacha 1-2/2026)		Dréachtbhuiséad Leasaitheach 3/2026		Buiséad 2026 (lena n-áirítear DBLanna 1-3/2026)	
		LfcG	**LfcÍ**	**LfcG**	**LfcÍ**	**LfcG**	**LfcÍ**
1	**An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach**	**22 162 993 197**	**23 336 627 126**	**47 006 803**	**-581 000**	**22 210 000 000**	**23 336 046 126**
	Uasteorainn	*22 210 000 000*				*22 210 000 000*	
	Corrlach	*47 006 803*		*-47 006 803*			
2	**Comhtháthú agus Luachanna**	**71 650 838 425**	**78 527 657 166**	**2 179 702 522**	**4 000 000 000**	**73 830 540 947**	**82 527 657 166**
	Uasteorainn	*67 523 000 000*		*2 180 000 000*		*69 703 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*2 015 115 425*				*2 015 115 425*	
	Agus de sin, faoi Ionstraim EURI	*2 112 723 000*				*2 112 723 000*	
	Corrlach			*297 478*		*297 478*	
2a.	An comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	56 594 001 997	63 658 110 625	2 179 702 522	4 000 000 000	58 773 704 519	67 658 110 625
	Uasteorainn	*56 593 000 000*		*2 180 000 000*		*58 773 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*1 001 997*				*1 001 997*	
	Corrlach			*297 478*		*297 478*	
2b.	Athléimneacht agus luachanna	15 056 836 428	14 869 546 541			15 056 836 428	14 869 546 541
	Uasteorainn	*10 930 000 000*				*10 930 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*2 014 113 428*				*2 014 113 428*	
	Agus de sin, faoi Ionstraim EURI	*2 112 723 000*				*2 112 723 000*	
	Corrlach						
3	**Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol**	**56 969 415 080**	**55 217 345 231**	**-46 975 366**	**162 953 461**	**56 922 439 714**	**55 380 298 692**
	Uasteorainn	*57 100 000 000*		*22 000 000*		*57 122 000 000*	
	Corrlach	*130 584 920*		*68 975 366*		*199 560 286*	
	Agus de sin: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	**40 451 259 481**	**40 398 066 815**	**40 000 000**	**40 000 000**	**40 491 259 481**	**40 438 066 815**
	Fo-uasteorainn CERT	*41 764 000 000*				*41 764 000 000*	
	Difríocht an tslánaithe arna eisiamh chun an fochorrlach a ríomh	*773 000*				*773 000*	
	Glanaistrithe idir CERT agus CETFT	*-1 222 773 000*				*-1 222 773 000*	
	An t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT (fo-uasteorainn arna ceartú le haistrithe idir CERT agus CETFT)	*40 542 000 000*				*40 542 000 000*	
	Fochorrlach CERT	*89 967 519*		*-40 000 000*		*49 967 519*	
4	**Imirce agus Bainistiú Teorainneacha**	**5 018 866 515**	**3 887 896 129**			**5 018 866 515**	**3 887 896 129**
	Uasteorainn	*5 103 000 000*				*5 103 000 000*	
	Corrlach	*84 133 485*				*84 133 485*	

5	**An tSlándáil agus an Chosaint**	**2 813 506 939**	**2 253 300 408**			**2 813 506 939**	**2 253 300 408**
	Uasteorainn	*2 810 000 000*				*2 810 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*3 506 939*				*3 506 939*	
	Corrlach						
6	**An Chomharsanacht agus an Domhan**	**15 600 020 092**	**16 569 670 072**			**15 600 020 092**	**16 569 670 072**
	Uasteorainn	*15 614 000 000*				*15 614 000 000*	
	Corrlach	*13 979 908*				*13 979 908*	
7	**An Riarachán Poiblí Eorpach**	**13 280 675 287**	**13 280 675 287**			**13 280 675 287**	**13 280 675 287**
	Uasteorainn	*12 506 000 000*				*12 506 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*23 306 848*				*23 306 848*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	*751 368 439*				*751 368 439*	
	Corrlach						
	agus de sin: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	**10 002 910 735**	**10 002 910 735**			**10 002 910 735**	**10 002 910 735**
	Fo-uasteorainn	*9 464 000 000*				*9 464 000 000*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	*538 910 735*				*538 910 735*	
	Fochorrlach						
	Leithreasuithe le haghaidh ceannteideal	**187 496 315 535**	**193 073 171 419**	**2 179 733 959**	**4 162 372 461**	**189 676 049 494**	**197 235 543 880**
	Uasteorainn	***182 866 000 000***	***201 170 000 000***	***2 202 000 000***		***185 068 000 000***	***201 170 000 000***
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	***2 041 929 212***	***2 221 417 865***			***2 041 929 212***	***2 221 417 865***
	Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	***751 368 439***				***751 368 439***	
	Agus de sin, faoi Ionstraim EURI	***2 112 723 000***	***2 112 723 000***			***2 112 723 000***	***2 112 723 000***
	Corrlach	***275 705 116***	***12 430 969 446***	***22 266 041***	***-4 162 372 461***	***297 971 157***	***8 268 596 985***
	Ionstraimí speisialta téamacha	**5 715 921 020**	**5 022 549 248**			**5 715 921 020**	**5 022 549 248**
	Iomlán na leithreasuithe	**193 212 236 555**	**198 095 720 667**	**2 179 733 959**	**4 162 372 461**	**195 391 970 514**	**202 258 093 128**

**Táthar ag glacadh leis sna figiúirí uile go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh cur chun feidhme lena gcuirfear deireadh le fionraí ghealltanais an Bheartais Chomhtháthaithe don Ungáir, agus go nglacfaidh an Coimisiún coigeartú teicniúil ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil ina dhiaidh sin chun na huasteorainneacha ábhartha a mhéadú dá réir sin.*